Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10078/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0005 (NLE)**

**POLCOM 208**
**WTO 68**
**AGRI 452**
**PECHE 216**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an iarraidh ó na Stáit Aontaithe ar tharscaoileadh EDT chun síneadh a chur le clár AGOA agus maidir leis an gComhaontú um Infheistíocht a Éascú chun Forbairt a Dhéanamh a ionchorprú in Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Comhaontú EDT<br>– Glacadh |

1. An 20 Eanáir 2026, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh ag Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála (5537/26).

2. Scrúdaigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Leas-Chomhaltaí agus Lánchomhaltaí) an togra sin ag roinnt cruinnithe idir mí Eanáir agus mí an Mhárta 2026. An 12 Márta 2026, d’fhormhuinigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Lánchomhaltaí) téacs an togra le roinnt modhnuithe, ar an tuiscint go gcaithfí é a oiriúnú i bhfianaise thorthaí an 14ú Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála (‘MC14’), a bhí ar siúl an 26 go dtí an 29 Márta 2026 in Yaoundé.

3. An 13 Márta 2026, scrúdaigh Coiste na mBuanionadaithe an dréacht-Chinneadh ón gComhairle, mar atá in 5539/26, agus dhearbhaigh sé gur chomhaontaigh sé leis an téacs ar an tuiscint nár mhór é a oiriúnú i bhfianaise thorthaí MC14. Phléigh an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha (Trádáil) an dul chun cinn a rinneadh sa chaibidlíocht ag MC14 agus na torthaí féideartha ag an gcruinniú a bhí aici an 26 go dtí an 29 Márta 2026 in Yaoundé. Ós rud é nach raibh aon toradh MC14 ann a raibh éifeachtaí dlíthiúla aige, ní dhearnadh vótáil sa Chomhairle ar an dréachtchinneadh.

4. Mar atá cúrsaí faoi láthair, is cosúil go bhféadfaí dhá ghné a chumhdaítear leis an dréachtchinneadh a ghlacadh ag an gcéad chruinniú eile de Chomhairle Ghinearálta EDT a bheidh ar siúl an 14 agus an 15 Iúil 2026. Cé gur cosúil gur dócha go nglacfar iarraidh na Stát Aontaithe ar tharscaoileadh EDT chun síneadh a chur le clár AGOA, níl sé sin chomh cinnte céanna i ndáil leis an gComhaontú maidir le héascú infheistíochta le haghaidh forbartha a ionchorprú in Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Comhaontú EDT.

5. I bhfianaise an mhéid sin, mhol an Uachtaránacht téacs an dréachtchinnidh thuasluaite a oiriúnú ionas go mbeidh an Coimisiún in ann páirt a ghlacadh sa chomhthoil ag an gcéad chruinniú eile de Chomhairle Ghinearálta EDT nó ag aon chruinniú den Chomhairle Ghinearálta roimh an gcéad Chomhdháil Aireachta eile de chuid EDT.

6. An 4 Meitheamh 2026, scrúdaigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Leas-Chomhaltaí) an togra ón Uachtaránacht agus d'fhormhuinigh sé é. Thacaigh an Coimisiún freisin leis an togra ón Uachtaránacht.

7. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a dhéanamh:

– an Cinneadh ón gComhairle, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 10076/26 é, a ghlacadh; agus

– a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig an bParlaimint.